

## Gealltanais ó Thuismitheoirí faoi Pháirceáil

### Litir shamplach do na tuismitheoirí - bheifí buíoch ach í a chur in oiriúint do do scoil féin.

A thuismitheoirí, a chairde,

I mbliana, is iad an taisteal sláintiúil agus na leanaí a bheith sábháilte ar a dturas chun na scoile agus abhaile arís an dá cheist a bhfuilimid ag breathnú isteach iontu i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Táimid an-dáiríre faoi shábháilteacht na leanaí agus tá sé faighte amach againn nach bhfuil an áit atá díreach buailte leis an mbealach isteach (na bealaí isteach) chun na scoile sábháilte do na leanaí agus iad ag teacht chun na scoile nó á fágáil. An pháirceáil mhíchuí is cúis leis seo, go háirithe an pháirceáil ar na línte fiarláin. Tá na línte fiarláin ann ionas go mbeidh fad amhairc shoiléir ag na leanaí le go bhféadfaidh siad trácht atá ag teacht ina dtreo a fheiceáil agus le go bhféadfaidh tiománaithe, ar an dul céanna, fad amhairc shoiléir a bheith acusan ar aon leanaí a dteastódh uathu dul trasna an bhóthair. Má bhíonn carranna páirceáilte go míchuí ar na línte fiarláin, ní bheidh an tiománaí ná an leanbh in ann a chéile a fheiceáil agus beidh níos mó agus níos mó de bhaol ann go dtarlóidh timpiste. *(B'fhéidir gur mhian leat aon tuairimí a bhí ag na daltaí faoin méid a cheap siad faoi go leor gluaiseachtaí feithicle taobh amuigh den bhealach isteach chun na scoile a lua, mar shampla gur bhraith siad nach raibh siad sábháilte).*

Dá mbeadh an saol ar ár dtoil againn thiocthadh gach leanbh chun na scoile de shiúl na gcos nó ar rothar gach lá, ach tá a fhios againn nach féidir leis sin a bheith amhlaidh i gcónaí. Uaireanta is gá leanaí a thabhairt ar scoil i gcarr mar go mbíonn cuid acu ina gcónaí rófhada ón scoil le siúl chuici nó mar go mbíonn cúraimí eile ar na tuismitheoirí.

Más gá daoibh tiomáint chun na scoile, iarraidimid oraibh an Gealltanais ó Thuismitheoirí faoi Pháirceáil a shíniú agus gealladh go bpáirceálfaidh sibh go sábháilte in áit chuí tamall ón mbealach isteach chun na scoile ar mhaithe leis na daoine go léir atá bainteach leis an scoil a chosaint. Iarraidimid oraibh freisin a bheith tuisceanach chomh fada is a bhaineann sé lenár gcomharsana agus gan páirceáil os comhair an bhealaigh isteach chun a maoinne. *(Má tá Áit Pháirceála agus Siúil agaibh nó áit áirithe ar mhian libh í a bheith in úsáid ag tuismitheoirí tá fáilte romhaibh sin a lua anseo. D'fhéadfaí léarscáil a chur isteach anseo freisin agus na háiteanna sin a bheith le feiceáil uirthi).*

Beidh an scoil seo againne níos sábháilte agus níos sláintiúla má oibrímid as lámha a chéile.

An Príomhoide